

Treoir ar Acmhainní Pleanála Staire a Úsáid

Is teimpléid shamplacha iad na hacmhainní seo a leanas arbh fhéidir iad a úsáid agus / nó a chur in oiriúint le cabhrú le doiciméadúchán pleanála ranga a fhorbairt. Dearadh iad chun cabhrú le cur i bhfeidhm Shonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí ina leagtar amach na hionchais maidir le foghlaim scoláirí thar thrí bliana. Déantar cur síos ar na hionchais maidir le scoláirí trí thorthaí foghlama a úsáid. Moltar sula n-úsáidtear na teimpléid phleanála go gcuirfeadh múinteoirí iad féin ar an eolas i dtaca le sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí atá ar fáil ar line:

www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/History.

Tógann na teimpléid seo ar na heispéiris Foghlaim Ghairmiúil a thairgeann foireann Staire SSM agus dearadh iad i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara atá bainteach le leasú na Sraithe Sóisearaí. Mar sin féin, dearadh iad chun go bhféadfaí iad a chur in oiriúint, a athrú agus a mhionathrú ag an leibhéal áitiúil laistigh de scoil / roinn ábhair agus ag leibhéal aonair ranga ag brath ar riachtanais na scoláirí.

Is é cuspóir na dteimpléad pleanála scafláil a dhéanamh ar phleanáil chomhoibríoch agus mhachnamhach atá scoláire-lárnach agus atá i gcroílár leasú na Sraithe Sóisearaí. Tá réimse de chuir chuige iontu agus tá sé mar aidhm acu cabhrú le ranna ábhar staire a gcuid pleananna féin a fhorbairt atá scoláire-lárnach agus bunaithe ar a gcomhthéacs.

Níl sé i gceist go dtógfadh na teimpléid a thugtar anseo áit na gcleachtas reatha éifeachtacha pleanála atá in áit cheana féin. Thairis sin, tá sé i gceist go bhfiosróidh siad cuir chuige fhéideartha i leith pleanála a chuirfeadh bonn eolais faoin gcleachtas amach anseo.

Ar mhaithe le soiléireacht maidir leis na ceannteidil a úsáidtear sa teimpléad pleanála a leanas, breathnaigh ar an ngluais sa rannán tagartha den loga foghlama seo.